Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2025/0090(COD)

17.10.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta
(COM(2025)0173 – C10-0074/2025 – 2025/0090(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Emma Fourreau

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Clúdaíonn an tAigéan, ar acmhainn uilechoiteann dhomhanda an chine dhaonna é, thart ar 70 % de dhromchla an domhain. Tá ⅔ de dhromchla an Aigéin suite i limistéir lasmuigh de dhlínse náisiúnta. Tá speicis agus éiceachórais mhuirí uathúla sa Mhórmhuir, a bhfuil bagairtí rompu atá mar thoradh ar thionchair ghníomhaíochtaí an duine amhail ró-iascaireacht, loingseoireacht, truailliú, tionscail eastóscacha agus éifeachtaí méadaitheacha an athraithe aeráide. Is réimse iomaíochta geopholaitiúla iad freisin. Dá bhrí sin, ní amháin ar gníomhaíochtaí ríthábhachtacha iad na limistéir sin a chosaint agus rialachas na Mórmhara a neartú chun dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta muirí agus leis an athrú aeráide, ach freisin chun bainistiú inbhuanaithe fadtéarmach na bpobal muirí a áirithiú, lena n-áirítear bainistiú iascaigh.

'Tá an long tagtha i dtír' a d'fhógair Ambasadóir na Náisiún Aontaithe na nAigéan agus Shaincheisteanna Dlí na Farraige an 3 Márta 2023. Tá an comhaontú cinniúnach 'An Bhithéagsúlacht Idirnáisiúnta Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta' (BBNJ) a glacadh in 2023 ar cheann de na héachtaí is mó a baineadh amach i dTaidhleoireacht na nAigéan agus is éacht rathúil é don iltaobhachas. Tugtar aghaidh ar 4 phríomhréimse: acmhainní géiniteacha muirí; bearta amhail uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe; measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol; agus fothú acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta muirí. Ba cheart é a dhaingniú go luath tar éis an dul chun cinn a rinneadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin in 2025.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh do bhur Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir chun comhaontú BBNJ a chomhtháthú i ndlí an Aontais. Aontaíonn sí leis an ngá atá le trasuí gasta chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí idirnáisiúnta tráth an teacht i bhfeidhm. Is iomchuí cur chuige an Choimisiúin chun an togra a theorannú do thrasuí docht de chomhaontú BBNJ agus áirithítear leis cothrom iomaíochta. Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI). Le Comhaontú BBNJ ní bhaintear an bonn d'ionstraimí ábhartha dlí ná de chreataí ábhartha dlí ná de chomhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála (IFBanna), lena n-áirítear Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus cuirtear comhleanúnachas agus comhordú leis na hionstraimí, na creataí agus na comhlachtaí sin chun cinn. Is é is aidhm don togra go háirithe comhordú idir na Ballstáit agus an Coimisiún a áirithiú. Beidh comhordú den sórt sin ar leibhéal an Aontais ríthábhachtach chun go n-éireoidh lena chur chun feidhme, lena n-áirítear chun sáruithe ar CBI a sheachaint agus chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú.

Molann bhur Rapóirtéir roinnt leasuithe spriocdhírithe ar fhorálacha a thagann faoi shainchúram thuairim an Choiste um Iascach, chun an togra a ailíniú le comhaontú BBNJ ar bhealach níos dlúithe:

• Airteagal 8(6) maidir leis na Coinníollacha Ginearálta a bhaineann le Measúnuithe Comhshaoil: tugtar isteach leis an dréacht-tuairim athruithe chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an eisceacht a tugadh isteach le hAirteagal 29(4) de chomhaontú BBNJ agus a bhfuil feidhm aici i gcás ina ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol cheana féin don ghníomhaíocht atá beartaithe i gcomhréir le ceanglais IFBanna ábhartha eile, lena n-áirítear ERBInna. Cé gur féidir a thuiscint go dtugtar le tuiscint le hAirteagal 8(6) go bhfuil feidhm ag an eisceacht sin i ngach imthoisc, leagtar amach i gcomhaontú BBNJ roinnt coinníollacha

nach mór a chomhlíonadh

• Airteagal 17(2) maidir le hÁbhar Thograí na mBeart amhail uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe: faoi Chomhaontú BBNJ, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus rachaidh siad i gcomhairle leo. Tá an focal ‘comhoibriú’ in easnamh. Tá an méid sin tábhachtach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le páirtithe leasmhara iascaigh.

• Airteagal 18 maidir le Cur chun feidhme: tugann an rapóirtéir isteach roinnt d’fhorálacha Airteagal 25 de chomhaontú BBNJ a bhí in easnamh agus soiléiríonn sí cásanna ina ndéanann an Coimisiún, sa bhreis ar na Ballstáit, ionadaíocht thar ceann an Aontais i roinnt IFBanna, go háirithe ERBInna.

• Tugadh isteach aithris maidir le forálacha ginearálta BBNJ a bhaineann le comhar idirnáisiúnta chun oibleagáidí an Aontais faoi chomhaontú BBNJ a mheabhrú i dtaca le comhar agus comhleanúnachas a áirithiú leis an obair a dhéantar laistigh de ERBInna agus den Choinbhinsiún maidir le Farraigí Réigiúnacha, agus an ról lárnach atá acu á chur san áireamh. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige comhordaithe comhchoiteann agus sásraí comhair a fhorbairt.

Ar deireadh, iarrann bhur Rapóirtéir go ndéanfaí comhaontú BBNJ a thrasuí agus a chur chun feidhme go pras. Creideann sí go léirítear leis na hionsaithe a rinneadh arís agus arís eile ar an iltaobhachas gur gá don Aontas a thiomantas láidir do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a athdhearbhú.

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Iascach in iúl don Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcoinneoidh na Ballstáit ceannasacht iomlán agus na gníomhaíochtaí atá faoina ndlínse nó faoina rialú á gcinneadh acu. Ní dhéanfar an Treoir seo a léiriú sa chaoi go gcuirtear teorainn lena gcumas na gníomhaíochtaí a thagann faoina raon feidhme a shainiú, i gcomhréir lena gcóras dlí náisiúnta agus leis an dlí idirnáisiúnta.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Tá an tAontas tiomanta do dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun beart a dhéanamh i gcás chur chun feidhme Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras'), faoi threoir a phrionsabail agus ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, i gcomhthéacs sprioc fhadtéarmach theochta Chomhaontú Pháras.	(5) Tá an tAontas tiomanta do dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun beart a dhéanamh i gcás chur chun feidhme Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras'), faoi threoir a phrionsabail***, lena n-áirítear tríd an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide a mhéadú agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú agus trí fhorbairt le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa, ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol,*** agus ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, i gcomhthéacs sprioc fhadtéarmach teochta Chomhaontú Pháras.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Mar pháirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do spriocanna agus do chuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach, a glacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 7-19 Nollaig 2022, agus an fhís straitéiseach fhadtéarmach a bhaint amach freisin, is é sin go ndéanfar, faoi 2050, an bhithéagsúlacht a luacháil, a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go stuama, seirbhísí éiceachórais a	(7) ***I Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, atá i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives' [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh i gcomhair 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], leagtar amach cuspóirí iomadúla, lena n-áirítear maidir le héiceachórais mhuirí, go háirithe d'fhonn comhaontú uaillmhianach atá ceangailteach ó thaobh dlí a thabhairt i gcrích maidir le héagsúlacht***

chothabháil, pláinéad sláintiúil a chothú agus tairbhí a sholáthar atá ríthábhachtach do gach duine. ***I straitéis bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'EU*** Biodiversity ***Strategy for 2023 Bringing*** nature ***back into our lives', [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2023 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], leagtar amach cuspóirí iolracha, lena n-áirítear an aidhm dea-stádas comhshaoil na n-éiceachóras muirí a athchóiriú***.

bhitheolaíoch mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ). Mar pháirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do spriocanna agus cuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach, a glacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht ***(CBD)***an 7-19 Nollaig 2022, ***mar aon leis*** an bhfís straitéiseach fhadtéarmach go ndéanfar, faoi 2050, an bhithéagsúlacht a luacháil, a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go ciallmhar, seirbhísí éiceachórais a chothabháil, pláinéad sláintiúil a chothú agus tairbhí a sholáthar atá ríthábhachtach do gach duine. ***Tá na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, i gcomhréir le misean 2030 i dtreo fís straitéiseach 2050 a bhaint amach, le gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun cailliúint na*** bithéagsúlachta ***a stopadh agus a aisiompú chun an*** dúlra ***a chur ar chonair an téarnaimh ar mhaithe le daoine agus leis an bpláinéad tríd an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe agus trí chomhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí ó úsáid acmhainní géiniteacha a áirithiú, agus na modhanna is gá chun an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a chur chun feidhme á gcur ar fáil.***

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 dar teideal: An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, leagtar amach gníomhaíochtaí chun daingniú tapa, trasuí i ndlí an Aontais,

	agus cur chun feidhme Chomhaontú BBNJ agus rialachas inbhuanaithe na Mórmhara a áirithiú. Beartaítear leis freisin go dtacóidh an tAontas le cur chun feidhme chomhaontú BBNJ i dtíortha i mbéal forbartha tríd an ranníocaíocht EUR 40 milliún le Clár um an Aigéan Domhanda.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7b) Leis an dearbhú ón gComhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine um Bithéagsúlacht lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ HAC) an 28 Bealtaine 2025, arna thionscnamh ag an gCoimisiún agus lena dtugtar le chéile thart ar 40 tír, léirítear uaillmhian an Aontais maidir le rialachas agus cosaint dhomhanda na n-aigéan. I gcomhréir leis an bhfís sin, arna comhlánú le taidhleoireacht maidir leis na haigéin, ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit atá toilteanach ceanncheathrú na rúnaíochta idirnáisiúnta a shainmhínítear in Airteagal 50 de Chomhaontú BBNJ a óstáil agus a chómhaoiniú a áirithiú. Is den tábhacht é freisin don Aontas, mar chuid dá thaidhleoireacht maidir leis na haigéin, tríú tíortha a spreagadh chun Comhaontú BBNJ a dhaingniú agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad foráil an Chomhaontaithe sin chun cothrom iomaíochta a áirithiú.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7c) Faoi Chomhaontú BBNJ, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, lena n-áirítear trí chomhar le hionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a neartú agus a fheabhsú agus tríd an gcomhar eatarthu a chur chun cinn chun cuspóirí Chomhaontú BBNJ a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cur chuige comhordaithe comhchoiteann agus sásraí coiteanna comhordaithe a fhorbairt chun comhleanúnachas a áirithiú leis an obair a dhéantar laistigh de na hionstraimí, de na creata agus de na comhlachtaí sin amhail in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) nó Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha, lena n-áirítear maidir le bearta a chur chun cinn chun tacú le cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí arna ndéanamh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(7d) De réir Airteagal 5 de Chomhaontú BBNJ déanfar an Comhaontú a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach nach ndéanfar dochar d'ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus lena gcuirfear comhleanúnachas agus comhordú leis na hionstraimí, na creataí agus na comhlachtaí sin chun**

cinn. Sa chomhthéacs sin, is iad ERBInna na comhlachtaí idirnáisiúnta inniúla fós maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Le cur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart go n-urramófaí go hiomlán a n-inniúlachtaí chomh maith le hoibleagáidí an Aontais agus a Bhallstát faoi dhlí an Aontais agus comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana maidir leis an mórmhuir. Ag an am céanna, ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit gníomhú laistigh de ERBInna chun a áirithiú go mbeidh na cinntí a ghlacfaidh na heagraíochtaí sin á dtreorú ag an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil agus chun comhsheasmhacht idir cinntí maidir le bainistiú iascaigh agus cuspóirí Chomhaontú BBNJ a chur chun cinn.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7e) Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do na prionsabail ghinearálta agus na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 7 de Chomhaontú BBNJ a leanúint.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7f) Le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], bunaítear creat chun go mbeifear in ann bearta a shainaithint agus a ghlacadh maidir le tríú tíortha a mhainníonn comhoibriú

agus a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a dhéanamh ar stoc éisc leasa choitinn an Aontais. Leis an Rialachán sin, a leasaíodh le déanaí, is féidir leis an Aontas tríú tír a shainaithint mar thríú tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe más rud é, i measc nithe eile, go mainníonn sí comhoibriú chun stoc éisc leasa choitinn a bhainistiú, i gcomhréir iomlán le forálacha UNCLOS agus Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc (UNFSA), nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile, amhail Comhaontú BBNJ, nó riail den dlí idirnáisiúnta, agus má mhainníonn sí na bearta bainistíochta iascaigh is gá a ghlacadh. Ina leith sin, ba cheart don Treoir seo oibriú i gcomhar le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, go háirithe i ndáil le comhar idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a bhunú faoi chuimsiú ERBInna nó, i gcás nach bhfuil aon inniúlacht acu sin maidir leis an stoc atá i gceist, trí shocruithe ad hoc i measc na dtíortha a bhfuil leas acu san iascach ábhartha.

[1a] Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe, IO L 316, 14.11.2012, lgh. 34–37.

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Tá an treoir seo teoranta do thrasuí docht oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi Chomhaontú BBNJ.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) De bhun Chomhaontú BBNJ, gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a bhaineann le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, tá siad chun leasa na Stát uile agus chun tairbhe an chine dhaonna ar fad, go háirithe ar mhaithe le heolas eolaíochta an chine dhaonna a chur chun cinn agus le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí a chur chun cinn, agus leasanna agus riachtanais na Stát i mbéal forbartha á gcur san áireamh.	(9) De bhun Chomhaontú BBNJ, gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a bhaineann le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, tá siad chun leasa na Stát uile agus chun tairbhe an chine dhaonna ar fad, go háirithe ar mhaithe le heolas eolaíochta an chine dhaonna a chur chun cinn agus le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí a chur chun cinn, ***lena n-áirithítear slándáil bia agus lena dtugtar tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair mhuirí,*** agus leasanna agus riachtanais na Stát i mbéal forbartha á gcur san áireamh.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Le Comhaontú BBNJ, ceadaítear uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, agus limistéir mhuirí faoi chosaint san áireamh, i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Ba cheart bearta arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chomhaontú BBNJ a chur chun feidhme agus, ***más gá***, a thrasuí i reachtaíocht an Aontais. Go dtí go ndéanfar trasuí, ***níor cheart do na Ballstáit an bonn a bhaint*** d'éifeachtacht na mbeart a ***glacadh***. ***Is gá*** na nósanna imeachta is gá a leagan síos chun comhordú a áirithiú i measc na mBallstát agus an ***Choimisiúin*** sula gcuirfear aon togra chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú nó ***togra*** le haghaidh beart éigeandála faoi	(14) Le Comhaontú BBNJ, ceadaítear uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, agus limistéir mhuirí faoi chosaint san áireamh, i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. ***I sprioc 3 de Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming Montréal, luaitear limistéir faoi chosaint agus bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéarbhunaithe eile (OECManna). Cé nach dtagraítear dóibh i gComhaontú BBNJ, féadfar OECManna a mheas mar chuid de na huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe.*** Ba cheart bearta arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chomhaontú BBNJ a chur chun feidhme agus, ***i gcás inarb ábhartha***, a thrasuí i reachtaíocht an Aontais. Ar feitheamh a

bhráid Rúnaíocht ***BBNJ***.	dtrasuite, níor cheart ***an bonn a bhaint ó*** éifeachtacht na mbeart arna ***nglacadh***. Tá sé ***tábhachtach*** na nósanna imeachta is gá a leagan síos chun comhordú a áirithiú i measc na mBallstát agus ***ghníomhaíochtaí an Aontais*** sula gcuirfear aon togra ***faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ*** chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú. ***Féadfar beart éigeandála a ghlacadh idir na seisiúin, toisc go dteastaíonn mearfhreagairt uaidh chun damáiste don bhithéagsúlacht, d'éiceachórais nó d'iascaigh a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit tograí*** le haghaidh beart éigeandála a chur faoi bhráid na Rúnaíochta ***go díreach***. ***I gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir le Comhaontú BBNJ, ba cheart comhar agus comhordú le ERBInna a neartú maidir le húsáid uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe agus beart caomhnaithe.***

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Faoin Treoir seo, i gcás aon togra chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú nó aon togra le haghaidh beart éigeandála faoi Airteagail 19 agus 24(3) de Chomhaontú BBNJ, ba cheart don Choimisiún réamh-mheasúnú ***dlíthiúil*** a dhéanamh. Mar chuid den mheasúnú sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ***ngá*** atá ann don Aontas togra den sórt sin a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ.	(15) Faoin Treoir seo, i gcás aon togra chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú nó aon togra le haghaidh beart éigeandála faoi Airteagail 19 agus 24(3) de Chomhaontú BBNJ, ba cheart don Choimisiún réamh-mheasúnú dlíthiúil a dhéanamh ***chun tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit agus chun comhordú a áirithiú***. Mar chuid den mheasúnú sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ***ábharthacht*** don Aontas togra den sórt sin a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ.

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo a áirithiú, ba cheart do na próisis chinnteoireachta agus don Teach Imréitigh feidhmiú go héifeachtach, a bheith bunaithe ar an eolaíocht agus ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, agus oibriú go héifeachtúil le breithniú agus idirphlé leordhóthanach leis na páirtithe leasmhara ábhartha;

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998 agus a daingníodh an 17 Feabhra 2005. Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le measúnú tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991 agus a daingníodh an 24 Meitheamh 1997. Ba cheart go leanfadh na hoibleagáidí faoi na Coinbhinsiúin sin de bheith infheidhme sna limistéir a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Is é is aidhm do Choinbhinsiún Espoo an comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol go háirithe i gcomhthéacs trasteorann. ***Áirítear*** ar chuspóirí Choinbhinsiún Aarhus cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil a	(17) Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998 agus a daingníodh an 17 Feabhra 2005. Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le measúnú tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991 agus a daingníodh an 24 Meitheamh 1997. Ba cheart go leanfadh na hoibleagáidí faoi na Coinbhinsiúin sin de bheith infheidhme sna limistéir a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Is é is aidhm do Choinbhinsiún Espoo an comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol go háirithe i gcomhthéacs trasteorann. ***Is é is aidhm*** do chuspóirí Choinbhinsiún Aarhus an ceart chun ***rochtain a fháil ar fhaisnéis***, rannpháirtíocht an phobail i

ráthú chun rannchuidiú le cosaint an chirt chun cónaí i dtimpeallacht atá leormhaith le haghaidh shláinte agus fholláine an duine. Laistigh de raon feidhme na Treorach seo, ba cheart cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil a fheidhmiú de réir na bprionsabal céanna a leagtar síos faoi Choinbhinsiún Aarhus.

gcinnteoireacht agus ***rochtain ar cheartas*** i gcúrsaí comhshaoil a ráthú chun rannchuidiú leis an gcosaint ar an gceart chun cónaí i dtimpeallacht atá leormhaith le haghaidh shláinte agus fholláine an duine. Laistigh de raon feidhme na Treorach seo, ba cheart cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil a fheidhmiú de réir na bprionsabal céanna a leagtar síos faoi Choinbhinsiún Aarhus.

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) ***Ós rud é*** go soláthraíonn ionstraimí nó creataí eile dlí is infheidhme nó comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála creat chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó rialú náisiúnta a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, níor cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit scagadh ná measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo ***faoi*** na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ. Sna cásanna sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go bhfoilseofar an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ.	(19) ***I gcás*** ina bhforáiltear le hionstraimí nó creataí eile ***dlí*** is infheidhme nó ina soláthraíonn comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála***, amhail an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) nó an Comhbheartas Iascaigh (CBI),*** creat chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó rialú náisiúnta a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, níor cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit scagadh ná measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo ***ar choinníoll go gcinnfidh na Ballstáit a bhfuil dlínse nó rialú acu ar an ngníomhaíocht bheartaithe go gcomhlíontar*** na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ. Sna cásanna sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go bhfoilseofar an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Cinntí lena n-údaraítear gníomhaíochtaí beartaithe a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, arb é an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a dheonaíonn iad, d'fhéadfadh raon leathan gníomhartha dlí a bheith i gceist leo (amhail toiliú le forbairt, cinntí, ceadanna agus cineálacha eile údaraithe), de réir na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme sna Ballstáit. Gan beann ar an bhfoirm, ar an teideal ná ar an nós imeachta chun cinntí den sórt sin a ghlacadh faoin dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le gníomhaíochtaí beartaithe a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú substaintiúil na muirthimpeallachta nó le hathruithe suntasacha díobhálacha uirthi, go gcuirfear na gníomhaíochtaí sin faoi réir measúnú sula n-údarófar iad.	(23) Cinntí lena n-údaraítear gníomhaíochtaí beartaithe a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, arb é an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a dheonaíonn iad, d'fhéadfadh raon leathan gníomhartha dlí a bheith i gceist leo (amhail toiliú le forbairt, cinntí, ceadanna agus cineálacha eile údaraithe), de réir na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme sna Ballstáit. Gan beann ar an bhfoirm, ar an teideal ná ar an nós imeachta chun cinntí den sórt sin a ghlacadh faoin dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le gníomhaíochtaí beartaithe a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú substaintiúil na muirthimpeallachta nó le hathruithe suntasacha díobhálacha uirthi, go gcuirfear na gníomhaíochtaí sin faoi réir measúnú sula n-údarófar iad. ***Ba cheart a mheas go bhféadfaí go raibh gníomhaíochtaí iascaireachta arna rialú ag ERBInna nó CBI faoi réir próiseas scagtha cheana féin agus go bhféadfaí nach mbeadh gá le scagadh nua a dhéanamh, ar choinníoll go gcinnfidh na Ballstáit go gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 8(6) de chomhaontú BBNJ.***

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Leagtar amach ann na rialacha is infheidhme maidir le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis seichimh

	dhigiteach, measúnuithe comhshaoil ar ghníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát, chomh maith le rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe agus beart éigeandála. Tá feidhm aige in éineacht le rialacha agus beartais an Aontais i réimse an chomhbheartais iascaigh (CBI).

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) Ciallaíonn ‘gníomhaíocht bheartaithe’ gníomhaíocht a bhaineann le hoibreacha foirgníochta, suiteálacha, scéimeanna ***nó idirghabhálacha eile sa mhuirthimpeallacht a fhorghníomhú, lena n-áirítear*** gníomhaíochtaí tráthrialta atá dírithe ar acmhainní nádúrtha a úsáid;	(i) ciallaíonn ‘gníomhaíocht bheartaithe’ ***aon*** ghníomhaíocht ***lena mbaineann idirghabháil sa mhuirthimpeallacht, lena n-áirítear inter alia*** oibreacha foirgníochta, suiteálacha, scéimeanna ***agus*** gníomhaíochtaí rialta a fhorghníomhú atá dírithe ar acmhainní nádúrtha a úsáid;

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí faoi dhlínse nó faoi rialú’ gníomhaíochtaí a dhéanann eintitis phoiblí agus phríobháideacha ***araon***, ar féidir leis an mBallstát, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a inniúlacht nó a údarás a fheidhmiú ina leith;	(j) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí faoi dhlínse nó faoi rialú’ gníomhaíochtaí a dhéanann ***daoine nádúrtha agus dlítheanacha, lena n-áirítear*** eintitis phoiblí agus phríobháideacha, ar féidir leis an mBallstát, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a inniúlacht nó a údarás a fheidhmiú ina leith;

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe n

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(n) ciallaíonn ‘pobal’ an pobal lena mbaineann chomh maith le pobail dhúchasacha agus áitiúla a bhfuil eolas ábhartha traidisiúnta acu agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus an pobal eolaíochta;	(n) ciallaíonn ‘pobal’ an pobal lena mbaineann chomh maith le ***P***obail ***D***húchasacha agus áitiúla a bhfuil eolas ábhartha traidisiúnta acu agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus an pobal eolaíochta;

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.	1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta***, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát***.

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Ní chuirfear isteach leis an Treoir, in imthosca ar bith, ar na próisis trína n-iarrann na Ballstáit a scairbh ilchríochach a leathnú os comhair Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Theorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí,

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) iascaireacht a rialaítear faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht; agus	(a) iascaireacht a rialaítear faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme agus ***faoin gcomhbheartas iascaigh, agus*** gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht; agus

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a ndearnadh scagadh nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile nó ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála***. I gcás gníomhaíochtaí a ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith, i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlíthiúla ábhartha eile nó arna ndéanamh ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála, áiritheoidh*** na Ballstáit go gcomhlíonfar na coinníollacha faoi Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ**.** I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfoilseofar an tuarascáil faoin measúnú tionchair ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ agus go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht.	6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a ndearnadh scagadh nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile nó ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála***, amhail ERBInna, ar choinníoll*** go ***gcinneann*** na Ballstáit go gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ***;*** Sna cásanna sin, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfoilseofar an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ agus go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. I gcás gníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta agus ar dócha go mbeidh ***éifeachtaí*** suntasacha ***acu*** ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit Treoir 2011/92/AE agus dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte, a chur i bhfeidhm. I gcás na ngníomhaíochtaí sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ go tráthúil, le linn an phróisis faoi Threoir 2011/92/AE agus faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí beartaithe agus áiritheoidh siad go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le ceanglais na Treorach sin agus na reachtaíochta náisiúnta.	7. I gcás gníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta agus ***ar dócha go mbeidh siad ina gcúis le truailliú*** substaintiúil ar an muirthimpeallacht nó le ***hathruithe suntasacha díobhálacha*** ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, cuirfidh na Ballstáit Treoir 2011/92/AE agus dlí ábhartha eile de chuid an Aontais i bhfeidhm ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte. I gcás na ngníomhaíochtaí sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha***, lena n-áirítear aon tuarascálacha faireacháin ábhartha,*** ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ go tráthúil, le linn an phróisis faoi Threoir 2011/92/AE agus faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnachtaí timpeallachta le haghaidh gníomhaíochtaí beartaithe agus áiritheoidh siad go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le ceanglais na Treorach sin agus na reachtaíochta náisiúnta.

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Agus an scagadh á dhéanamh, ***measfaidh*** na Ballstáit ar a laghad an tuairisc ar an ngníomhaíocht bheartaithe, lena n-áirítear a cuspóir, a suíomh, a fad agus a déine, an anailís tosaigh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht, lena n-áirítear tionchair charnacha a mheas agus, de réir mar is iomchuí, roghanna malartacha ar an	3. Agus an scagadh á dhéanamh, ***measfaidh*** na Ballstáit an tuairisc ar an ngníomhaíocht bheartaithe ***ar a laghad***, lena n-áirítear a cuspóir, a suíomh, a fad agus a déine, an anailís tosaigh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht, lena n-áirítear tionchair charnacha a mheas agus, de réir mar is iomchuí, roghanna malartacha ar an

ngníomhaíocht phleanáilte.	ngníomhaíocht phleanáilte.

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 4 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht bheartaithe, lena n-áirítear na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aici i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta;	(e) na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht bheartaithe ***ar an gcomhshaol agus ar ghníomhaíochtaí atá ann cheana***, lena n-áirítear na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aici i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta;

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an tuarascáil, ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol bunaithe ***ar*** thuairim ***maidir lena raon feidhme***, arna heisiúint ag údarás inniúil.	2. Beidh an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol bunaithe ar thuairim ***scóipe*** arna heisiúint ag údarás inniúil.

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tuairisc ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht bheartaithe, lena n-áirítear tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus aon tionchar a bheadh ag an ngníomhaíocht i réimsí laistigh den dlínse náisiúnta;	(d) tuairisc ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaíocht bheartaithe***, lena n-áirítear príomhthionchair chomhshaoil agus aon tionchar gaolmhar, amhail tionchair eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus tionchair ar shláinte an duine i gcomhréir le hAirteagal 31.1 de***

chomhaontú BBNJ, lena n-áirítear tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus aon tionchar a bheadh ag an ngníomhaíocht i réimsí laistigh den dlínse náisiúnta;

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Páirtithe i gComhaontú BBNJ, go háirithe páirtithe cósta atá cóngarach don ghníomhaíocht bheartaithe agus aon pháirtí eile atá cóngarach don ghníomhaíocht bheartaithe, agus an pobal lena mbaineann, tabharfar deiseanna éifeachtacha go luath dóibh rannpháirtiú i nósanna imeachta chun na gníomhaíochtaí beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 12(2) a údarú agus, chun na críche sin, beidh siad i dteideal barúlacha agus tuairimí a chur in iúl sula ndéanfar cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú, tráth a bheidh na roghanna uile oscailte don údarás inniúil nó do na húdaráis inniúla.	2. Páirtithe i gComhaontú BBNJ, go háirithe páirtithe cósta atá cóngarach don ghníomhaíocht bheartaithe agus aon pháirtí eile atá cóngarach don ghníomhaíocht bheartaithe, agus an pobal lena mbaineann, tabharfar deiseanna éifeachtacha go luath dóibh rannpháirtiú i nósanna imeachta chun na gníomhaíochtaí beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 12(2) a údarú***, lena n-áirítear sa phróiseas measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol,*** agus, chun na críche sin, beidh siad i dteideal barúlacha agus tuairimí a chur in iúl sula ndéanfar cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú, tráth a bheidh na roghanna uile oscailte don údarás inniúil nó do na húdaráis inniúla.

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) páirtithe a dhéanann, i limistéar na gníomhaíochta beartaithe, gníomhaíochtaí daonna, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha, a bhféadfaí a chreidiúint le réasún go ndéanann an ghníomhaíocht bheartaithe difear dóibh.	(b) páirtithe a dhéanann, i limistéar na gníomhaíochta beartaithe, gníomhaíochtaí daonna, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha, a bhféadfaí a chreidiúint le réasún go ndéanann an ghníomhaíocht bheartaithe difear dóibh. ***I gcás gníomhaíochtaí iascaigh, rachfar i gcomhairle leis na ERBInna ábhartha.***

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aon choinníoll a ghabhann leis an gcinneadh, tuairisc ar aon ghné den ghníomhaíocht bheartaithe agus/nó de na bearta a bheartaítear chun truailliú substaintiúil na muirthimpeallachta nó athruithe suntasacha díobhálacha ar an muirthimpeallacht a sheachaint, a chosc nó a laghdú, chomh maith le bearta faireacháin. I gcás inarb iomchuí, féadfar na bearta sin a ionchorprú i bplean bainistithe comhshaoil.	(b) aon choinníoll a ghabhann leis an gcinneadh, tuairisc ar aon ghné den ghníomhaíocht bheartaithe agus/nó de na bearta a bheartaítear chun truailliú substaintiúil na muirthimpeallachta nó athruithe suntasacha díobhálacha ar an muirthimpeallacht a sheachaint, a chosc nó a laghdú, chomh maith le bearta faireacháin. I gcás inarb iomchuí, féadfar na bearta sin a ionchorprú i bplean bainistithe comhshaoil. ***Cuirfear i gcuntas sa chinneadh na tionchair ghaolmhara, amhail tionchair eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus tionchair ar shláinte an duine, lena n-áirítear tionchair shocheacnamaíocha ar earnálacha agus ar phobail.***

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina ndéanfar cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú nó gan í a údarú, áiritheoidh na Ballstáit go pras go gcuirfear an cinneadh ar fáil don phobal, lena n-áirítear trí Theach Imréitigh BBNJ agus trí rúnaíocht BBNJ. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit ar fáil na barúlacha agus na tuairimí a fuarthas le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 11 agus tuairisc ar an gcaoi inar cuireadh na barúlacha agus na tuairimí sin san áireamh nó inar tugadh aghaidh orthu ar shlí eile.	4. I gcás ina ndéanfar cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú nó gan í a údarú, áiritheoidh na Ballstáit go pras go gcuirfear an cinneadh ar fáil don phobal, lena n-áirítear trí Theach Imréitigh BBNJ agus trí rúnaíocht BBNJ. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit ar fáil don phobal ***aon choinníollacha formheasa, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le bearta maolaithe agus ceanglais leantacha, agus*** na barúlacha agus na tuairimí a fuarthas le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 11 agus tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh na barúlacha agus na tuairimí sin i

	gcuntas nó ar tugadh aghaidh orthu ar bhealach eile.

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, páirt a ghlacadh san fhaireachán dá dtagraítear i mír 1 lena ghníomhaireachtaí, go háirithe an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES). I gcás gníomhaíochtaí iascaigh, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as sonraí a bhailítear ó ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhthéacs ERBInna.

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna cur nó arna chur ar bun le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht shubstainteach nó dhlíthiúlacht nós imeachta na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha faoi Airteagail 8 go 13.	Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcomhréir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Aarhus***, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna cur nó arna chur ar bun le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht shubstainteach nó dhlíthiúlacht nós imeachta na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha faoi Airteagail 8 go 13 ***agus 16 go 19***.

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh na nósanna imeachta athbhreithniúcháin dá dtagraítear i mír 1 cóir, cothrom, tráthúil agus saor in aisce agus ní bheidh siad róchostasach, agus soláthrófar leo leigheasanna leordhóthanacha éifeachtacha, lena n-áirítear faoiseamh urghaire i gcás inar gá.

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo.

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit, is cuma má ghníomhaíonn siad ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, an dréacht de thogra faoi Airteagal 19 de ***Chomhaontú BBNJ nó de bheart éigeandála faoi Airteagal 24(3) den*** Chomhaontú sin a sheoladh chuig an gCoimisiún sula gcuirfear faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ é. Tar éis dó é a fháil, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit uile ar an eolas agus comhroinnfidh sé an dréacht-	1. Déanfaidh na Ballstáit, is cuma má ghníomhaíonn siad ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, an dréacht de thogra faoi Airteagal 19 de Chomhaontú BBNJ a sheoladh chuig an gCoimisiún sula gcuirfear faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ é. Tar éis dó é a fháil, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit uile ar an eolas agus comhroinnfidh sé an dréacht-togra. Má tá barúlacha ag na Ballstáit eile, cuirfidh siad

togra. Má tá barúlacha ag na Ballstáit eile, cuirfidh siad na barúlacha sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear an dréacht-togra nó níos luaithe má tá údar leis mar gheall ar an mbeart éigeandála. Na barúlacha a gheofar, seolfaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig na Ballstáit eile iad.

na barúlacha sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear an dréacht-togra nó níos luaithe má tá údar leis mar gheall ar an mbeart éigeandála. Seolfaidh an Coimisiún na barúlacha a gheofar ar aghaidh chuig na Ballstáit eile***, tráth a bhfaighfear iad***. ***Féadfaidh na Ballstáit tograí le haghaidh bearta éigeandála faoi Airteagal 24(3) den Chomhaontú a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ go díreach.***

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tíolacfaidh an Coimisiún réamh-mheasúnú ar an dréacht-togra nó ar na dréachtbhearta éigeandála a fhaightear faoi mhír 1 sula dtíolacfaidh na Ballstáit aon togra nó dréacht do Rúnaíocht BBNJ. Is é is aidhm don réamh-mheasúnú cuidiú lena chinneadh cibé acu ba cheart nó nár cheart an togra nó an beart éigeandála a thíolacadh thar ceann an Aontais, nó thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.	***scriosta***

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tíolacfaidh an Coimisiún réamh-mheasúnú i dtaobh cibé acu ba cheart nó nár cheart don Choimisiún an dréacht-togra nó an dréachtbheart éigeandála a fhaightear faoi mhír 1 a thíolacadh do Rúnaíocht BBNJ thar ceann an Aontais. Go dtí go ndéanfar réamh-mheasúnú den sórt sin, agus má chinntear leis an réamh-mheasúnú	3. ***Laistigh de 30 lá ón sprioc-am do na Ballstáit barúil a thabhairt mar a leagtar síos i mír 1,*** tíolacfaidh an Coimisiún réamh-mheasúnú i dtaobh cibé acu ba cheart nó nár cheart don Choimisiún an dréacht-togra nó an dréachtbheart éigeandála a fhaightear faoi mhír 1 a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ thar ceann an

gur cheart an tíolacadh a dhéanamh thar ceann an Aontais, staonfaidh na Ballstáit ón togra nó ón mbeart éigeandála dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh do Rúnaíocht BBNJ.

Aontais. Go dtí go ndéanfar réamh-mheasúnú den sórt sin, agus má chinntear leis an réamh-mheasúnú gur cheart an tíolacadh a dhéanamh thar ceann an Aontais, staonfaidh na Ballstáit ón togra nó ón mbeart éigeandála dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ.

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 - mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tograí faoi Airteagal 19 de Chomhaontú BBNJ maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, nó an beart éigeandála faoi Airteagal 24(3) den Chomhaontú sin, déanfar iad a fhoirmliú ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar bhonn eolas ábhartha traidisiúnta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil, agus cur chuige an réamhchúraim agus cur chuige bunaithe ar éiceachórais á ***leanúint***.	1. Tograí faoi Airteagal 19 de Chomhaontú BBNJ maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, nó an beart éigeandála faoi Airteagal 24(3) den Chomhaontú sin, déanfar iad a fhoirmliú ar bhonn na heolaíochta agus na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar bhonn eolas ábhartha traidisiúnta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil, agus cur chuige an réamhchúraim agus cur chuige bunaithe ar éiceachórais ***á gcur i gcuntas***.

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Rachfar i gcomhairle le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, mar aon leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, an earnáil phríobháideach, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla, ***de réir mar is iomchuí***, maidir le forbairt na dtograí dá dtagraítear sa Chaibidil seo.	2. ***Comhoibreoidh na Ballstáit, agus rachaidh siad i gcomhairle, de réir mar is iomchuí, le*** páirtithe geallsealbhóirí, lena n-áirítear stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála***, inter alia ERBInna***, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, an earnáil phríobháideach, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla, ***chun***

tograí a fhorbairt, mar a leagtar amach sa Chaibidil seo.

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis a bhaineann le bunú uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ.

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gníomhaíochtaí atá faoina ndlínse nó faoina rialú, agus ***a*** dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, i ***gcomhréir*** le cinntí Chomhdháil na bPáirtithe arna nglacadh faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gníomhaíochtaí atá faoina ndlínse nó faoina rialú, agus a ***tharlaíonn*** i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, i ***gcomhréir*** le cinntí Chomhdháil na bPáirtithe arna nglacadh faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ.

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na Ballstáit chun cinn, de réir mar is iomchuí, glacadh beart faoi ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus sna comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a bhfuil na Ballstáit ina gcomhaltaí díobh, chun tacú le	2. Cuirfidh na Ballstáit ***agus an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme,*** chun cinn, de réir mar is iomchuí, glacadh beart faoi ionstraimí ábhartha dlí agus creataí ábhartha dlíthiúla agus sna comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála a bhfuil na

cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí arna ***ndéanamh*** ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ.	Ballstáit ina gcomhaltaí díobh, chun tacú le cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí arna ***nglacadh*** ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ. ***Féadfaidh siad páirt a ghlacadh i gcomhordú idir na comhlachtaí sin nó idir limistéir faoi chosaint i gcás go bhfuil siad idirnasctha.***

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Spreagfaidh na Ballstáit na tríú tíortha sin atá i dteideal a bheith ina bpáirtithe i gComhaontú BBNJ, go háirithe na Stáit sin a n-oibríonn a ngníomhaíochtaí, a soithí nó a náisiúnaigh i limistéar atá faoi réir uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe a bunaíodh cheana, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint, bearta a ghlacadh lena dtacaítear le cinntí agus moltaí Chomhdháil na bPáirtithe maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar cinntí agus moltaí iad a bhunaítear faoi Chomhaontú BBNJ.

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ.

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Cuirfidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis ó na Ballstáit, tuarascálacha débhliantúla faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir leis na bearta cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir seo agus maidir le forbairtí domhanda i ndáil le cur chun feidhme Chomhaontú BBNJ, lena n-áirítear faisnéis maidir le comhlíonadh, forfheidhmiú agus faireachán eolaíoch.

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar an deis don phobal rannpháirtiú in ullmhú na dtograí chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, faoi Airteagal 15 i gcomhréir le ceanglais Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2001/42/CE.	Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar an deis don phobal rannpháirtiú in ullmhú na dtograí chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, faoi Airteagal 15 i gcomhréir le ceanglais Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2001/42/CE. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhairliúcháin maidir le tograí arna dtíolacadh faoi Airteagal 17 den Treoir seo cuimsitheach, trédhearcach agus oscailte do na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear Stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, lena n-áirítear ERBInna, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, na Pobail Dhúchasacha agus na pobail áitiúla.***

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis na húdaráis inniúla a chomhlíonann dualgais faoin treoir, go mbeidh líon leordhóthanach ball foirne cáilithe acu agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha chun a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach.	2. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis na húdaráis inniúla a chomhlíonann dualgais faoin treoir, go mbeidh líon leordhóthanach ball foirne cáilithe acu agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha chun a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach ***agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr***.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
High Seas Alliance
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta
Tagairtí	COM(2025)0173 – C10-0074/2025 – 2025/0090(COD)
Na Coistí Freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 7.7.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	PECH 7.7.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Emma Fourreau 5.6.2025
Pléite sa choiste	4.9.2025
Dáta an ghlactha	16.10.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 22 –: 4 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Thomas Bajada, Asger Christensen, Carmen Crespo Díaz, Siegbert Frank Droese, Emma Fourreau, Nora Junco García, Isabella Lövin, Giuseppe Lupo, Francisco José Millán Mon, Jessica Polfjärd, Bert-Jan Ruissen, Sander Smit, Emma Wiesner
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Carlo Ciccioli, Anna Maria Cisint, Marco Falcone, Luke Ming Flanagan, Idoia Mendia, Eric Sargiacomo, Michal Wiezik
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Paolo Borchia, Herbert Dorfmann, Camilla Laureti, Michele Picaro, Giusi Princi, Isabella Tovaglieri

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
ECR (An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa)	Carlo Ciccioli, Nora Junco García, Michele Picaro, Bert-Jan Ruissen
PPE (Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh)	Carmen Crespo Díaz, Herbert Dorfmann, Marco Falcone, Francisco José Millán Mon, Jessica Polfjärd, Giusi Princi, Sander Smit
An Grúpa Renew Europe	Asger Christensen, Emma Wiesner, Michal Wiezik
S&D (An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa)	Thomas Bajada, Camilla Laureti, Giuseppe Lupo, Idoia Mendia, Eric Sargiacomo
An Chlé	Luke Ming Flanagan, Emma Fourreau
Na Glasaigh/SCE	Isabella Lövin

4	-
ESN (An Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach')	Siegbert Frank Droese
PfE (An Grúpa 'Tírghráthóirí don Eoraip')	Paolo Borchia, Anna Maria Cisint, Isabella Tovaglieri

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh